2025/1571

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1571 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na formáidí agus na nósanna imeachta le haghaidh tuarascálacha bliantúla ó chomhlachtaí maoirseachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 46a(7) agus Airteagal 46b(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór do chomhlachtaí maoirseachta le haghaidh na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití arna n-ainmniú de bhun Airteagal 46a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus do chomhlachtaí maoirseachta le haghaidh seirbhísí iontaoibhe arna n-ainmniú de bhun Airteagal 46b(1) den Rialachán sin ('comhlachtaí maoirseachta') faisnéis ábhartha maidir lena ngníomhaíochtaí maoirseachta a sholáthar don Choimisiún de bhun Airteagal 46a(6) agus Airteagal 46b(6) den Rialachán sin.

(2) Chun foinse thrédhearcach iontaofa faisnéise a bhunú maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta na gcomhlachtaí maoirseachta, chun a áirithiú go mbeidh malartuithe sonraí leis an gCoimisiún slán agus infhíoraithe, agus chun castacht riaracháin a laghdú, ba cheart do chomhlachtaí maoirseachta na tuarascálacha bliantúla a thíolacadh i bhformáid shonraithe atá meaisín-inléite agus oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe.

(3) Chun malartú dea-chleachtas idir comhlachtaí maoirseachta a éascú agus chun maoirseacht chomhsheasmhach agus éifeachtúil a áirithiú i ngach Ballstát, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh faisnéis chuimsitheach agus ábhartha i dtuarascálacha bliantúla na gcomhlachtaí maoirseachta. Go háirithe, ba cheart do chomhlachtaí maoirseachta tuairisciú ar a ngníomhaíochtaí lena mbaineann gnéithe a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an gcomhar, lena n-áirítear, i measc nithe eile, mionsonraí maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh agus atá beartaithe, dúshláin shainaitheanta, cigireachtaí, aon sárú suntasach slándála nó aon chailleadh suntasach fógraí sláine arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann de bhun Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus cúnamh i measc comhlachtaí maoirseachta de bhun Airteagail 46c agus 46d de Rialachán (AE) 910/2014. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis sin sna tuarascálacha bliantúla le cur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle de bhun Airteagail 46a(6) agus 46b(6) de Rialachán (AE) 910/2014, d'fhónfadh an fhaisnéis atá le soláthar chun críche thrédhearcacht agus inrochtaineacht na faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart do gach comhlacht maoirseachta an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, p. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus, i gcás inarb ábhartha, Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta uile faoin Rialachán seo.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé a thuairim uaidh an 28 Bealtaine 2025.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formáid agus nósanna imeachta na dtuarascálacha bliantúla

1. Cuirfidh comhlachtaí maoirseachta a dtuarascálacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 46a(6) agus Airteagal 46b(6) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 faoi bhráid an Choimisiúin, trí chainéal leictreonach slán arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

2. Ní thíolacfaidh comhlachtaí maoirseachta an fhaisnéis ina dtuarascálacha bliantúla ach aon uair amháin, trí fhaisnéis a tíolacadh roimhe sin a athúsáid i gcás inarb iomchuí.

3. Áiritheoidh comhlachtaí maoirseachta le haghaidh na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití dá dtagraítear in Airteagal 46a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 go n-áireofar ina dtuarascálacha bliantúla an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo ar a laghad.

4. Áiritheoidh comhlachtaí maoirseachta le haghaidh seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 46b(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 go n-áireofar ina dtuarascálacha bliantúla ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Faisnéis atá le háireamh i dtuarascálacha bliantúla na gcomhlachtaí maoirseachta le haghaidh na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad i dtuarascálacha bliantúla na gcomhlachtaí maoirseachta le haghaidh na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití:

(1) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an chomhlachta maoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil isteach;

(2) i gcás inar ainmníodh níos mó ná comhlacht maoirseachta amháin i gcomhréir le hAirteagal 46a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, raon feidhme ghníomhaíochtaí maoirseachta an chomhlachta maoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil isteach;

(3) tuairisc ar eagrú, struchtúr, acmhainní agus cumais an chomhlachta maoirseachta;

(4) tuairisc ar ghníomhaíochtaí maoirseachta *ex post* agus *ex ante* do gach soláthraí tiachóg a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin de bhun Airteagal 46a(3), pointe (a), lena n-áirítear cásanna de sháruithe amhrasta nó féideartha ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus achoimre ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh;

(5) achoimre ar chigireachtaí ar an láthair agus ar ghníomhaíochtaí maoirseachta lasmuigh den láthair arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

  (a) sainaithint an tsoláthraí nó na soláthraithe tiachóg;

  (b) an réiteach tiachóige nó na réitigh tiachóige dá ndéantar difear;

  (c) achoimre ar an toradh;

  (d) aon bheart a forchuireadh;

  (e) aon ghníomhaíocht a dhéanann an comhlacht maoirseachta;

(6) tuairisc ar ghníomhaíochtaí maoirseachta *ex post* arna ndéanamh de bhun Airteagal 46a(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus achoimre ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh;

(7) tuairisc ar aon sárú slándála suntasach nó ar chaillteanas fógraí sláine arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, arna n-ainmniú nó arna mbunú de bhun Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2022, do phointí teagmhála aonair an Bhallstáit lena mbaineann arna n-ainmniú nó arna mbunú de bhun Airteagal 8(3) de Threoir (AE) 2022/2555, do phointí teagmhála aonair an Bhallstáit eile nó na mBallstát lena mbaineann arna n-ainmniú de bhun Airteagal 46c(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, nó don phobal;

(8) faisnéis faoi iarrataí ar sholáthraithe tiachóg aon mhainneachtain na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a chomhlíonadh a leigheas;

(9) tuairisc ar chásanna inar cuireadh clárú na bpáirtithe is úsáideoirí sa sásra dá dtagraítear in Airteagal 5b(7) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ar ceal ar chúiseanna a bhain le húsáid neamhdhleathach nó chalaoiseach na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití;

(10) tuairisc ar aon chomhar le comhlachtaí maoirseachta eile atá bunaithe i mBallstáit eile, nó ar sholáthar cúnaimh dóibh, i gcomhréir le hAirteagail 46c agus 46e de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus forléargas ar thorthaí an chomhair sin;

(11) minicíocht agus cineál an chomhair leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla arna mbunú de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016;

(12) dearcadh ar ghníomhaíochtaí maoirseachta agus ar thosaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an gcomhlacht maoirseachta díriú orthu an bhliain dár gcionn.

IARSCRÍBHINN II

Faisnéis atá le háireamh i dtuarascálacha bliantúla chomhlachtaí maoirseachta na seirbhísí iontaoibhe

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad i dtuarascálacha bliantúla na gcomhlachtaí maoirseachta:

(1) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an chomhlachta maoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil isteach;

(2) i gcás inar ainmníodh níos mó ná comhlacht maoirseachta amháin i gcomhréir le hAirteagal 46b(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, raon feidhme ghníomhaíochtaí maoirseachta an chomhlachta maoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil isteach;

(3) tuairisc ar eagrú, struchtúr, acmhainní agus cumais an údaráis mhaoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil isteach;

(4) tuairisc ar na gníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh de bhun Airteagal 46b(3), pointe (a) agus pointe (b), le linn na bliana féilire tuairiscithe i ndáil le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe agus cáilithe atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn siad, lena n-áirítear cásanna de sháruithe amhrasta nó féideartha ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus achoimre ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh;

(5) achoimre ar chigireachtaí ar an láthair agus ar ghníomhaíochtaí maoirseachta lasmuigh den láthair arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil isteach, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

   (a) sainaithint an tsoláthraí nó na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe;

   (b) an tseirbhís iontaoibhe nó na seirbhísí iontaoibhe lena mbaineann;

   (c) tuairisc ar an ngníomhaíocht mhaoirseachta;

   (d) achoimre ar an toradh;

   (e) aon bhearta a forchuireadh;

   (f) gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta.

(6) tuairisc ar aon ghníomhaíocht bhreise a rinne an comhlacht maoirseachta de bhun Airteagal 46b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

(7) tuairisc ar aon sárú suntasach slándála nó ar aon chaillteanas suntasach fógraí sláine arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta a chuireann an tuarascáil bhliantúil faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann arna n-ainmniú nó arna mbunú de bhun Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2022/2555, chuig pointí teagmhála aonair an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann arna n-ainmniú nó arna mbunú de bhun Airteagal 8(3) de Threoir (AE) 2022/2555, chuig na pointí teagmhála aonair sna Ballstáit eile lena mbaineann arna n-ainmniú de bhun Airteagal 46c(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, nó chuig an bpobal;

(8) tuairisc ar raon feidhme an chomhair le comhlachtaí maoirseachta eile atá bunaithe i mBallstáit eile agus tuairisc ar an gcúnamh arna sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 46c agus Airteagal 46e de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus forléargas ar thorthaí an chomhair sin;

(9) tuairisc ar mhinicíocht agus ar chineál an chomhair idir na comhlachtaí maoirseachta le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus na húdaráis mhaoirseachta inniúla arna mbunú de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 i gcás ina ndealraíonn sé gur sáraíodh rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus maidir le sáruithe slándála ar cosúil gur sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta iad maidir le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn siad;

(10) achoimre ar an toradh ar fhíorú gurb ann d'fhorálacha maidir le pleananna foirceanta agus ar a gcur i bhfeidhm ceart a fhíorú i gcás ina scoirfidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe faoi mhaoirseacht dá ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear léiriú ar an gcaoi a gcoinnítear rochtain ar fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (h) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

(11) tuairisc ar aon imscrúduithe ar éilimh arna ndéanamh ag soláthraithe brabhsálaithe gréasáin a raibh imscrúdú á dhéanamh acu orthu le linn na tréimhse tuairiscithe de bhun Airteagal 45a de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus ar aon ghníomhaíochtaí iarmhartacha eile a rinneadh sa chomhthéacs sin;

(12) tuairisc ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le liostaí iontaofa dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, lena n-áirítear nuashonruithe suntasacha tar éis gníomhaíochtaí maoirseachta, taithí ábhartha nó saincheisteanna comhlíontachta le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1555 ón gCoimisiún [1], go háirithe maidir le ceanglais infhaighteachta;

(13) faisnéis faoi scéimeanna creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí um measúnú comhréireachta, scéimeanna náisiúnta um measúnú comhréireachta nó treoir ghaolmhar maidir le scéimeanna um measúnú comhréireachta, nó faisnéis faoi thionscnaimh ghaolmhara;

(14) tuairisc, i gcás inarb infheidhme, ar aon bhonneagar iontaoibhe arna bhunú, arna chothabháil agus arna thabhairt cothrom le dáta ag comhlacht maoirseachta arna iarraidh sin do Bhallstát agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1505 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí agus formáidí teicniúla a bhaineann le liostaí iontaoibhe de bhun Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/1505/oj).